BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra Méadaithe)

19 Samhain 2025*

(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Treoir 2013/36/AE – Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 – Cúraimí maoirseachta sonracha arna gcur ar BCE – Measúnú ar éadálacha sealúchas cáilitheach – Cur i gcoinne éadáil sealúchais cháilithigh – An ceart chun éisteacht a fháil – An coincheap 'sealúchas cáilitheach' – Dea-cháil agus inniúlacht ghairmiúil an fhaighteora bheartaithe – Cearta a chosnaítear leis an gCairt – Comhréireacht)

I gCás T-366/23,

YH, dá ndéanann J. Lehnhardt, R. Hübner agus A. Walter, Dlíodóirí, ionadaíocht,

iarratasóir,

v

an Banc Ceannais Eorpach (BCE), dá ndéanann E. Yoo, R. Bax agus V. Hümpfner, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta, le linn na bpléití, mar seo a leanas: R. da Silva Passos, Uachtarán, N. Półtorak, I. Reine, T. Pynnä (Rapóirtéir) agus H. Cassagnabère, Breithiúna,

Cláraitheoir: A. Marghelis, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

ag féachaint do na ceisteanna i scríbhinn a chuir an Chúirt Ghinearálta ar an iarratasóir agus ar BCE agus dá bhfreagraí a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 6 Nollaig 2024,

tar éis éisteacht an 16 Eanáir 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Béarla.

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) an 5 Bealtaine 2023 lena gcuirtear i gcoinne éadáil sealúchais cháilithigh ag BCE in M.M. Warburg & Co (AG & Co.) KGaA ('an sprioc'), M.M. Warburg & CO Hypothekenbank AG ('sprioc Hyp') agus Marcard, Stein & Co AG ('sprioc MS') ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní.

Cúlra na díospóide

2 Is institiúid creidmheasa 'nach bhfuil chomh suntasach' mar a thugtar uirthi é an sprioc, a ndéanann an Bundesanstalt für Finanzdienstleistungsaufsicht (BaFin, Údarás Maoirseachta Seirbhísí Airgeadais Cónaidhme, an Ghearmáin) maoirseacht dhíreach uirthi agus a ndéanann BCE maoirseacht indíreach uirthi.

3 Is le teaghlach fhear céile an iarratasóra an sprioc. In 2013, ba mhian leis an iarratasóir aistriú a sealúchais i gcaipiteal na sprice chuig a leanaí a eagrú.


4 Chun é sin a dhéanamh, d'aistrigh fear céile an iarratasóra 87.5 % de chaipiteal chuideachta 1 ar dtús. Max Warburg Beteiligungsgesellschaft mbH ('MWB 1') chuig an gcuideachta Familie Max Warburg Vermögensverwaltung KG ('FMWV'), ar mhaithe lena leanaí. Choinnigh sé 12.5 % de chaipiteal MWB 1 a bhí fágtha agus, go háirithe, sciar tosaíochta lena mbronntar 51 % de na cearta vótála in MWB 1. Gheall FMWV agus fear céile an iarratasóra a gcearta vótála a fheidhmiú ar bhealach aonfhoirmeach ('an socrú comhthiomsaithe') agus baineann fear céile an iarratasóra tairbhe as cearta úsáide saor in aisce ar na scaireanna a aistrítear chuig FMWV.

5 Tá 40.24 % de chaipiteal chuideachta sealbhaíochta airgeadais an ghrúpa stuamachta MMWarburg & CO ag MWB 1, eadhon an chuideachta MMWarburg & CO Gruppe GmbH ('Warburg Gruppe'), ag MWB 1. Tá Warburg Gruppe faoi úinéireacht scairshealbhóra tromlaigh eile, suas le 41.25 %, chomh maith le 7 scairshealbhóir mionlaigh, lena n-áirítear baill teaghlaigh fhear céile an iarratasóra.

6 Sealbhaíonn Warburg Gruppe 100 % de chaipiteal na sprice, a raibh 100 % agus 60 % de chaipiteal sprioc MS agus sprioc Hyp ina sheilbh aige féin tráth an chinnidh atá faoi chonspóid, ar institiúidí creidmheasa iad freisin. Díoladh sprioc HYP an 3 Samhain 2022, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2023.

7 Trí Warburg Gruppe, bhí sealúchas indíreach ag MWB 1 sa sprioc, i sprioc Hyp agus i sprioc MS (le chéile, 'na spriocanna').

8 Ar an dara dul síos, bhí ar an iarratasóir sciar pribhléideach a fir céile a fháil agus dá bhrí sin, 0.01 % de chaipiteal MWB 1 agus 51 % de na cearta vótála in MWB ('an éadáil bheartaithe') a fháil. Bhí sí le bheith ina páirtí i socrú comhthiomsaithe MWB 1. Ceanglaíodh ar a fear céile 12.49 % de chaipiteal MWB 1 agus 6 % de na cearta vótála sa chuideachta sin a choinneáil, agus bhí ar FMWV 87.5 % den chaipiteal agus 43 % de na cearta vótála a bhí fágtha a choinneáil. Cuirtear struchtúr na héadála beartaithe i láthair sa léaráid seo a leanas:



9 Cuireadh cur chun feidhme an dara céim sin siar mar thoradh ar imscrúdú a rinne údaráis na Gearmáine ar na hidirbhearta stocmhalartáin ‘com/ex’, mar a thugtar orthu, a thug an sprioc i gcrích idir 2007 agus 2011, agus ba é fear céile an iarratasóra a príomhoifigeach feidhmiúcháin ag an am. Le linn nós imeachta athmheasúnaithe a rinne BaFin in 2019 i gcomhthéacs líomhaintí maidir le himghabháil cánach ar na stocmhalartáin ‘com/ex’ sin, d’aontaigh MWB 1 le BaFin go bhfeidhmeofaí a chearta vótála in Warburg Gruppe trí bheirt iontaobhaithe, atá i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2020.

10 An 12 Samhain 2021, thug an t-iarratasóir fógra do BaFin faoin éadáil bheartaithe, de bhun na rialacha is infheidhme maidir le rialú sealúchas cáilitheach. Fuair BaFin an fógra sin an 16 Samhain 2021.

11 An 16 Lúnasa 2022, dheimhnigh BaFin go bhfuair sé fógra maidir leis an éadáil bheartaithe.

12 An 14 Meán Fómhair 2022, d’iarr BaFin faisnéis bhreise maidir leis an éadáil bheartaithe agus d’iarr sé ar an iarratasóir dhá fhógra breise a chomhdú maidir lena sealúchas indíreach i sprioc MS agus i sprioc Hyp.

13 Thug an t-iarratasóir freagra ar na hiarrataí sin an 29 Meán Fómhair agus an 14 Deireadh Fómhair 2022. Thug sí fógra freisin maidir le sprioc MS agus sprioc Hyp an 12 Nollaig 2022 agus an 19 Eanáir 2023, faoi seach.

14 An 27 Eanáir 2023, chun a dhearbhú go bhfuil an fógra maidir leis an éadáil bheartaithe comhlánaithe, sheol BaFin ríomhphost chuig an iarratasóir inar iarradh uirthi doiciméid áirithe a sheoladh agus ceisteanna breise a fhreagairt.

15 Le ríomhphost an 1 Feabhra 2023, thug an t-iarratasóir freagra ar na hiarrataí a rinne BaFin ina ríomhphost an 27 Eanáir 2023 agus chuir sí na doiciméid a iarradh ar aghaidh, agus iad á gceangal lena ríomhphost, á soiléiriú go ndearnadh an seoladh sin ‘roimh ré trí ríomhphost’. Thug sí freagra ar na hiarrataí sin i litir freisin.

16 An 3 Feabhra 2023, fuair BaFin freagra an iarratasóra dá dtagraítear i mír 15 thuas.

17 An 21 Feabhra 2023, dheimhnigh BaFin go bhfuair sé an fhaisnéis lenar tugadh an fógra comhlánaithe an 3 Feabhra 2023. Chuir sé in iúl don iarratasóir go raibh tús curtha leis an tréimhse mheasúnaithe 60 lá oibre an 8 Feabhra 2023 agus go rachadh sí in éag an 5 Bealtaine 2023.

18 An 3 Aibreán 2023, bhuail an t-iarratasóir agus a comhairleoirí le hionadaithe BCE, lena n-áirítear Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta, chun na deacrachtaí a eascraíonn as an éadáil bheartaithe a phlé.

19 An 4 Aibreán 2023, mhol BaFin do BCE gan cur i gcoinne na héadála beartaithe.

20 An 5 Aibreán 2023, mhol an t-iarratasóir, i litir, na cearta vótála a bhí ag MWB 1 in Warburg Gruppe a fheidhmiú le duine den bheirt iontaobhaithe ar feadh bliana, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir BCE in iúl ag cruinniú an 3 Aibreán 2023. Mar fhreagra ar an litir sin, chuir Cathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE in iúl don iarratasóir, an 12 Aibreán 2023, go bhfaigheadh sí dréachtchinneadh go luath lena gcuirtear i gcoinne na héadála beartaithe.

21 An 12 Aibreán 2023, sheol BCE dréachtchinneadh chuig an iarratasóir lena gcuirtear i gcoinne na héadála beartaithe, ar an bhforas nár chomhlíon sí na ceanglais dhlíthiúla maidir le sealúchas cáilitheach a fháil in institiúid creidmheasa. Chuir an t-iarratasóir iarraidh isteach ar iniúchadh ar an gcomhad agus iarraidh ar shíneadh a chur leis an teorainn ama chun a barúlacha a chur isteach. An 14 Aibreán 2023, dheonaigh BCE na hiarrataí sin.

22 An 21 Aibreán 2023, chuir an t-iarratasóir a barúlacha isteach maidir leis an dréachtchinneadh sin.

23 Le ríomhphost an 5 Bealtaine 2023, sheol BCE an cinneadh atá faoi chonspóid chuig an iarratasóir, lena ndeimhnítear substaint a dréachtchinnidh dá dtagraítear i mír 21 thuas. Tar éis dó teacht ar an gconclúid go bhfuair sé, trí MWB 1, sealúchas cáilitheach sa sprioc suas le 100 % de na cearta vótála agus 100 % den chaipiteal, luaigh BCE na cúiseanna ar mheas sé nár chomhlíon an t-iarratasóir na critéir dhlíthiúla chun sealúchas cáilitheach den sórt sin a fháil. Ar an gcéad dul síos, bhí BCE den tuairim nár chomhlíon an t-iarratasóir an ceanglas maidir le dea-cháil trína chinneadh, ar thaobh amháin, go raibh sí faoi thionchar a fir chéile, a mheas an institiúid a bheith gan dea-cháil agus, ar an taobh eile, nach raibh na cumais ghairmiúla iomchuí aici. Ar an dara dul síos, thug BCE faoi deara nach raibh an fhóntacht airgeadais is gá ag an iarratasóir chun na cistí dílse riachtanacha a sholáthar don sprioc. Ar an tríú dul síos, chinn BCE, *inter alia*, nár ceadaíodh leis an éadáil bheartaithe maoirseacht stuamachta éifeachtach ar an sprioc.

24 An 8 Bealtaine 2023, tar éis roinnt meabhrúchán ó BCE an 5 Bealtaine 2023, chun go ndearbhóidh abhcóide an iarratasóra go bhfuarthas an cinneadh atá faoi chonspóid go cuí, thug sé freagra ar BCE, agus chuir sé in aghaidh bhailíocht an fhógra a tugadh.

25 Le ríomhphost an 12 Bealtaine 2023, d'athdhearbhaigh an t-iarratasóir a agóid in aghaidh bhailíocht an fhógra faoin gcinneadh atá faoi chonspóid agus d'iarr sé go seolfaí chuige an nóta measúnaithe ar leithligh le haghaidh na mbarúlacha a tugadh maidir leis an dréachtchinneadh ('an nóta measúnaithe ar leithligh') dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid.

26 An 15 Bealtaine 2023, sheol BCE an nóta measúnaithe ar leithligh chuig an iarratasóir.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

27 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú do BCE na costais a íoc.

28 Iarrann BCE ar an gCúirt Ghinearálta:

– an t-iarratas a dhíbhe toisc é a bheith gan bhunús;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

An dlí lena mbaineann

29 Maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar na rialacha maidir leis an nós imeachta um measúnú ar shealúchais cháilitheacha, ar an dara dul síos, sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil agus ar an oibleagáid cúiseanna a lua, ar an tríú dul síos, mainneachtain scrúdú a dhéanamh ar na fíorais ábhartha agus sárú ar an oibleagáid an cinneadh a ghlacadh ar bhonn fíorasach sách láidir amháin, ar an gceathrú dul síos, léiriú mícheart agus cur i bhfeidhm mícheart an choincheapa 'sealúchas cáilitheach' ag BCE, ar an gcúigiú dul síos, léiriú mícheart agus cur i bhfeidhm mícheart na gcritéar measúnaithe don fhaighteoir beartaithe ag BCE, ar an séú dul síos, sárú ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus, ar an seachtú dul síos, sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sáruithe ar na rialacha maidir leis an nós imeachta um measúnú ar shealúchais cháilitheacha

30 Roinn an t-iarratasóir an chéad saincheist dlí ina trí chuid, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, nár admhaíodh go bhfuarthas an fógra maidir leis an éadáil bheartaithe, ar an dara dul síos, nár tugadh fógra faoin gcinneadh atá faoi chonspóid agus, ar an tríú dul síos, go ndeachaigh an tréimhse mheasúnaithe in éag.

An chéad chuid lena n-éilítear nár admhaíodh go bhfuarthas an fógra maidir leis an éadáil bheartaithe

31 Áitíonn an t-iarratasóir, faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 22(2) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO 2013 L 176, lch. 338, 'Treoir CRD IV'), agus an naoú habairt d'Airteagal 2c(1) den Gesetz über das Kreditwesen (Kreditwesengesetz, an Dlí maidir leis an earnáil creidmheasa), sa leagan a foilsíodh an 9 Meán Fómhair 1998 (BGBl. 1998 I, lch. 2776), arna leasú le Dlí an 22 Feabhra 2023 (BGBl. 2023 I Uimh. 51) ('KWG') tar éis é a thrasuí, nach mór do BaFin agus BCE a admháil go bhfuarthas an fógra maidir leis an éadáil bheartaithe laistigh de 2 lá oibre, is é sin le rá, an 19 Samhain 2021. Sa chás seo, cheadaigh BaFin tréimhse 8 mí sular iarr sé faisnéis bhreise, chun a admháil nár bhfuarthas an fógra comhlánaithe go dtí an 21 Feabhra 2023, le héifeacht chúlghabhálach ón 8 Feabhra 2023.

32 Áitíonn an t-iarratasóir nach mór don tréimhse 2 lá oibre tosú ón bhfógra maidir leis an éadáil bheartaithe, gan beann ar cé acu atá an fógra comhlánaithe nó nach bhfuil. Níl an critéar iomláine sin le feiceáil sa chéad fhomhír d'Airteagal 22(2) de Threoir CRD IV, nach dtagraíonn ach don fhógra dá dtagraítear in Airteagal 22(1) den Treoir sin, gan na doiciméid uile is gá chun críocha an mheasúnaithe a lua. Cuirtear toirmeasc leis an Treoir freisin ar na Ballstáit ceanglais níos déine a fhorchur maidir le fógra a thabhairt ná na ceanglais a leagtar síos inti féin. Dá bhrí sin, ní mór an naoú habairt d'Airteagal 2c(1) den KWG a léiriú sa chiall sin agus, dá bhrí sin, ní féidir a cheangal go mbeidh an fógra comhlánaithe chun go rithfidh an tréimhse 2 lá oibre, mar a dheimhnítear le mír 9.2 de Threoirlínte Comhpháirteacha an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE), an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) maidir le measúnú stuamachta ar éadálacha agus méaduithe ar shealúchais cháilitheacha in eintitis san earnáil airgeadais, arna bhfoilsiú an 20 Nollaig 2016 (JC/GL/2016/01, 'na Treoirlínte Comhpháirteacha').

33 Measann an t-iarratasóir freisin go bhfuil an léiriú sin comhsheasmhach leis na rialacha sonracha lena rialaítear iarrataí ar fhaisnéis bhreise, arb é is aidhm dóibh cosc a chur ar mhoilleanna gan údar ar thaobh na n-údarás inniúil, i gcomhréir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla. Leis an léiriú sin, cosnaítear faighteoirí beartaithe ar mhoilleanna suntasacha ar éadáil bheartaithe ar tugadh fógra ina leith, i gcomhréir leis na cuspóirí a shaothraítear le Treoir CRD IV agus le Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ó BCE an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat le haghaidh comhar laistigh den Sásra Maoirseachta Aonair idir BCE, údaráis inniúla náisiúnta agus údaráis ainmnithe náisiúnta (IO 2014 L 141, lch. 1; 'Creat-Rialachán SMA').

34 Ar deireadh, áitíonn an t-iarratasóir nach gcaitear amhras ar éifeachtacht na maoirseachta stuamachta lena léiriú, ós rud é go bhféadfadh na húdaráis inniúla cur i gcoinne éadála dá mbeadh an fhaisnéis a sholáthair an faighteoir beartaithe neamhiomlán. Ní bheadh ualach oibre méadaithe do na húdaráis inniúla mar thoradh ar an léiriú sin ach oiread. Áitíonn an t-iarratasóir nach mór do na húdaráis inniúla na teorainneacha ama soiléire a leagtar síos i gcomhthéacs rialú sealúchas cáilitheach a chomhlíonadh, agus dá uireasa sin d'fhéadfaidís a gcinneadh a chur siar ar feadh tréimhse éiginnte. Tagann sí ar an gconclúid gur cheart a mheas go bhfuil an fógra comhlánaithe in éagmais freagra ón údarás inniúil laistigh den 2 lá oibre is gá.

35 Cuireann BCE i gcoinne argóintí an iarratasóra.

36 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 4(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha do BCE maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO 2013 L 287, lch. 63, 'Rialachán SMA'), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 15(3) den Rialachán sin agus le hAirteagal 87 de Chreat-Rialachán SMA, gurb é BCE amháin atá inniúil chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an éadáil bheartaithe a údarú, de réir an nós imeachta a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 15 de Rialachán SAM agus in Airteagail 85 agus 86 de Chreat-Rialachán SMA (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Nollaig 2018, *Berlusconi agus Fininvest*, C-219/17, EU:C:2018:1023, mír 54).

37 Ina theannta sin, i gcomhthéacs na ngaolta a rialaítear le prionsabal an chomhair dhílis faoi Airteagal 6(2) de Rialachán SMA, tá sé de ról ag na húdaráis náisiúnta, dá gcuid féin, mar is léir ón bhforáil sin, ó Airteagal 15(1) agus (2) den Rialachán sin agus ó Airteagail 85 agus 86 de Chreat-Rialachán SMA, iarratais ar údarú a chlárú, cúnamh a thabhairt do BCE, sealbhóir aonair na cumhachta cinnteoireachta, go háirithe tríd an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar dó chun a chúraimí a chomhlíonadh, trí na hiarratais sin a thionscnamh agus ansin togra le haghaidh cinneadh nach bhfuil ceangailteach ar BCE a chur ar aghaidh chuige (breithiúnas an 19 Nollaig 2018, *Berlusconi agus Fininvest*, C-219/17, EU:C:2018:1023, mír 55).

38 Dá bhrí sin, is faoi Chúirteanna an Aontais Eorpaigh atá sé, i bhfeidhmiú a ndlínse eisiach athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha an Aontais ar bhonn Airteagal 263 CFAE, rialú a thabhairt ar dhlíthiúlacht an chinnidh chríochnaithigh arna ghlacadh ag BCE agus scrúdú a dhéanamh, chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú do na daoine lena mbaineann, ar aon lochtanna lena gcuirtear na gníomhartha ullmhúcháin nó na tograí ó na húdaráis náisiúnta ó bhail a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhailíocht an chinnidh chríochnaithigh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Nollaig 2018, *Berlusconi agus Fininvest*, C-219/17, EU:C:2018:1023, mír 44).

39 Faoi Airteagal 22(1) de Threoir CRD IV, tá na Ballstáit le ceangal a chur ar fhaighteoir beartaithe fógra a thabhairt, i scríbhinn agus roimh an éadáil, d'údaráis inniúla na hinstitiúide creidmheasa inar mian leis sealúchas cáilitheach a fháil nó a mhéadú, méid beartaithe a shealúchais agus an fhaisnéis ábhartha a shonraítear i gcomhréir le hAirteagal 23(4) den Treoir sin. Foráiltear le hAirteagal 22(2) den Treoir sin go n-admhóidh na húdaráis inniúla, i scríbhinn, go bhfuarthas an fógra a tugadh don fhaighteoir beartaithe go pras agus in aon chás laistigh de 2 lá oibre ón bhfógra a fháil. Beidh uasmhéid de 60 lá oibre acu ón dáta a n-admhaítear i scríbhinn go bhfuarthas an fógra agus na doiciméid uile a cheanglaítear ar an mBallstát a chur isteach leis an bhfógra ar bhonn an liosta dá dtagraítear in Airteagal 23(4) de Threoir CRD IV.

40 Foráiltear le hAirteagal 23(4) de Threoir CRD IV go gcuirfidh na Ballstáit liosta ar fáil don phobal ina sonrófar an fhaisnéis is gá chun an measúnú a dhéanamh, agus ar liosta é nach mór a sholáthar do na húdaráis inniúla tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 22(1) den Treoir sin.

41 Rinneadh Airteagal 22(1) agus (2) agus Airteagal 23(4) de Threoir CRD IV a thrasuí i ndlí na Gearmáine in Airteagal 2c(1) agus (1a) den KWG.

42 Faoin dara habairt d'Airteagal 2c(1) den KWG, ní mór don fhaighteoir beartaithe a léiriú, ar an gcéad dul síos, ina fhógra, na fíorais agus na doiciméid atá ábhartha chun méid an tsealúchais agus an tionchar suntasach a chinneadh, chun measúnú a dhéanamh ar a hiontaofacht agus chun scrúdú a dhéanamh ar na forais freasúra eile dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 2c(1b) den

KWG, nach mór a shonrú le hordú, i gcomhréir le hAirteagal 24(4) den KWG, agus, ar an dara dul síos, na daoine agus na gnóthais óna bhfuil sé beartaithe ag an bhfaighteoir beartaithe na scaireanna comhfhreagracha a fháil.

43 Faoin naoú habairt d'Airteagal 2c(1) den KWG, ní mór do BaFin ansin a dheimhniú i scríbhinn, don duine atá faoi réir na hoibleagáide maidir le fógra a thabhairt, go bhfuarthas fógra comhlánaithe gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 2 lá oibre tar éis dó é a fháil.

44 Foráiltear leis an gcéad abairt d'Airteagal 2c(1a) den KWG go mbeidh 60 lá oibre ag BaFin ó dháta na litreach lenar admhaigh sé go bhfuarthas, i scríbhinn, an fógra comhlánaithe chun a mheasúnú a dhéanamh. Luaitear sa dara habairt d'Airteagal 2c(1a) den KWG nach mór an dáta a dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse mheasúnaithe a léiriú san admháil fála arna heisiúint ag BaFin.

45 Leanann sé ó fhoclaíocht fhorálacha na Gearmáine a luaitear i míreanna 42 go 44 thuas, ar an gcéad dul síos, go n-admhaíonn BaFin go bhfuarthas fógra comhlánaithe gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 2 lá oibre tar éis é a fháil agus, ar an dara dul síos, nach maireann an tréimhse mheasúnaithe 60 lá oibre ach ón dáta a eisítear an admháil fála sin, nach mór an dáta a chríochnaíonn an tréimhse mheasúnaithe a léiriú.

46 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, chun cleachtais na mBallstát a chomhchuibhiú, gur ghlac na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha in 2016 na Treoirlínte Comhpháirteacha.

47 Maidir le hinstitiúidí baincéireachta, tá an bunús dlí do na Treoirlínte Comhpháirteacha le fáil in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (ÚBE), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO 2010 L 331, lch. 12), ar dá bhun a eiseoidh ÚBE treoirlínte agus moltaí a bheidh dírithe ar údaráis inniúla nó ar institiúidí airgeadais chun cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA) agus chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhealach coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach.

48 Cé gur gníomhartha dlíthiúla neamhcheangailteacha iad na Treoirlínte Comhpháirteacha, is léir ó Airteagal 16(3) de Rialachán Uimh. 1093/2010 go ndéanfaidh údaráis inniúla agus institiúidí airgeadais gach iarracht iad a chomhlíonadh (Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Campos Sánchez-Bordona in *Berlusconi agus Fininvest*, C-219/17, EU:C:2018:502, míreanna 84 agus 85). Luaitear san fhoráil sin, áfach, go gcuirfidh na húdaráis sin in iúl an gcomhlíonann siad na Treoirlínte sin nó an bhfuil sé i gceist acu iad a chomhlíonadh agus, murab amhlaidh an cás, go gcuirfidh siad ÚBE ar an eolas faoina rogha agus go dtabharfaidh siad cúiseanna lena gcinneadh (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *FBF*, C-911/19, EU:C:2021:599, mír 43). Gheall BCE, dá bhrí sin, na Treoirlínte Comhpháirteacha sin a chomhlíonadh, mar a luaigh sé ina phléadálacha i scríbhinn. Soiléiríodh a thuilleadh gur chuir BaFin in iúl go raibh sé ar intinn aige na Treoirlínte Comhpháirteacha a chomhlíonadh.

49 Athdhearbhaítear i mír 9.1 de na Treoirlínte Comhpháirteacha an prionsabal nach mór d'údaráis inniúla a admháil i scríbhinn go bhfuarthas an fógra chuig an bhfaighteoir beartaithe go pras agus in aon chás laistigh de 2 lá oibre ón bhfógra a fháil. Luaitear i mír 9.2 de na Treoirlínte Comhpháirteacha, ar a bhfuil an t-iarratasóir féin ag brath i gcomhthéacs an chéad chuid dá chéad saincheist dlí, gur cheart admháil fála a eisiúint laistigh de 2 lá oibre, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an fógra comhlánaithe. Go bunúsach, foráiltear leis an mír sin, i gcás fógra

neamhchomhlánaithe, nach mór don údarás inniúil a admháil go bhfuarthas an fógra laistigh de 2 lá oibre agus an faighteoir beartaithe a chur ar an eolas, laistigh de thréimhse réasúnta, faoin bhfaisnéis atá in easnamh.

50 Mar sin féin, níl raon feidhme ná éifeachtaí fógra comhlánaithe ag fógra neamhchomhlánaithe, mar a shonraítear i mír 9.1 de na Treoirlínte Comhpháirteacha. Is léir ón dara habairt den mhír sin nár cheart a mheas go bhfuil an fógra comhlánaithe ach amháin má áirítear ann an fhaisnéis uile a éilíonn an Ballstát lena mbaineann. Luaitear sa tríú habairt den mhír sin freisin nár cheart an admháil fála a bheith ach ina céim nós imeachta atá nasctha le hiomláine fhoirmiúil an fhógra, agus é d'éifeacht aige sin tús a chur leis an tréimhse 60 lá oibre ar lena linn a dhéanfar an measúnú, agus ní bheidh aon scrúdú substainteach ag údarás maoirseachta an spriocbhainc ar na doiciméid a soláthraíodh.

51 Trína fhoráil nach bhféadfaidh sé a bheith d'éifeacht ag admháil fála tús a chur leis an tréimhse mheasúnaithe 60 lá oibre ach amháin má tá an fógra comhlánaithe, ní dhéantar leis na Treoirlínte sin ach aisghairm ar an riail, a leagtar síos in Airteagal 22(1) agus (2) de Threoir CRD IV, ar dá réir nach dtosóidh an tréimhse 60 lá oibre go dtí go bhfaighfear an fógra in éineacht leis 'na doiciméid uile a éilíonn an Ballstát' agus tar éis don údarás inniúil a admháil go bhfuarthas í, laistigh de 2 lá oibre tar éis an fógra sin a fháil.

52 Leanann sé ón méid sin roimhe seo, ar an gcéad dul síos, nach dtosaíonn fógra atá neamhchomhlánaithe ar an tréimhse 60 lá oibre a leagtar síos in Airteagal 22(2) de Threoir CRD IV, ar an dara dul síos, i gcás ina bhfuil fógra neamhchomhlánaithe, nach gceanglaítear ar an údarás inniúil an fhaisnéis atá in easnamh a shonrú san admháil go bhfuarthas an fógra neamhchomhlánaithe, ach nach mór dó déanamh amhlaidh laistigh de thréimhse réasúnta amháin agus, ar an tríú dul síos, mar a fhoráiltear in Airteagal 2c(1a) den KWG, go dtosóidh an tréimhse mheasúnaithe 60 lá oibre ón dáta a admhaítear i scríbhinn go bhfuarthas an fógra comhlánaithe.

53 Mar sin féin, maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, trí mhainneachtain a admháil go bhfuarthas fógra an 12 Samhain 2021 agus trí liosta na faisnéise atá in easnamh a sholáthar dó laistigh de thréimhse réasúnta, gur chuir BaFin measúnú BCE ar an éadáil bheartaithe siar go míchuí.

54 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ó fhaisnéis an chomhaid nár thug BaFin freagra ar fhógra an 12 Samhain 2021 go dtí 9 mí ina dhiaidh sin, is é sin le rá, tar éis tréimhse réasúnta fada a bheith caite. Chuir an imthoisc sin, déanta na fírinne, moill ar thús éifeachtach mheasúnú BCE ar an éadáil bheartaithe.

55 Mar sin féin, de réir chásdlí na Cúirte Ginearálta, mura gcomhlíontar riail nós imeachta éigeantach, ní fhéadfar cinneadh críochnaitheach na hinstitiúide lena mbaineann a dhéanamh neamhdhleathach ach amháin má tá sé suntasach go leor agus má dhéanann sé dochar do staid dhlíthiúil agus shubstainteach an pháirtí a mhaíonn go bhfuil locht den sórt sin ann (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2022, *Vialto Consulting* v *an Coimisiún*, T-537/18, nár foilsíodh, EU:T:2022:852, mír 183 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 Sa chás seo, ag féachaint don chreat reachtach a leagtar amach i míreanna 39 go 52 thuas, ní raibh aon tionchar ag an bhfíoras nár eisigh BaFin admháil fála nuair a fuair sé fógra an 12 Samhain 2021, a bhí neamhchomhlánaithe ansin, ar ábhar an chinnidh atá faoi chonspóid ná ar an tréimhse mheasúnaithe 60 lá oibre.

57 Thairis sin, de réir BCE, mínítear an tréimhse 9 mí a ghlac BaFin chun freagra a thabhairt ar an bhfógra maidir leis an éadáil bheartaithe toisc gur mheas BaFin, go dtí glao teileafóin leis an iarratasóir, nár bhain fógra an iarratasóra ach le cuid den chumasc beartaithe idir Warburg Gruppe agus an sprioc.

58 I ndáil leis sin, tugann an Chúirt Ghinearálta faoi deara, tráth a cuireadh isteach an fógra faoin éadáil bheartaithe, gur luaigh an t-iarratasóir go ndearnadh fógra den sórt sin ‘i ndáil le’ cumasc beartaithe idir Warburg Gruppe agus an sprioc. Sna himthosca sin, bhí BaFin i dteideal a mheas, mar a áitíonn BCE, gur ghá anailís a dhéanamh ar fhógra an 12 Samhain 2021 i gcomhthéacs níos leithne tionscadail eile.

59 Ní mór a mheas, dá bhrí sin, nár léirigh an t-iarratasóir conas a bhí an mhainneachtain admháil fála an fhógra neamhchomhlánaithe a sheoladh substaintiúil go leor. Ní bhraitheann sé ach an oiread ar fhianaise lena suitear go ndearna easpa cúisí den sórt sin difear dá staid dhlíthiúil agus fhíorasach, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 55 thuas.

60 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad chuid den chéad saincheist dlí.

An tríú cuid lena n-éilítear dul in éag na tréimhse measúnaithe

61 Áitíonn an t-iarratasóir, faoi Airteagal 22(2) agus (6) de Threoir CRD IV, mar a trasuíodh i ndlí na Gearmáine í, nach mór don údarás inniúil a mheasúnú a dhéanamh laistigh de thréimhse dhocht nach faide ná 60 lá oibre, in éagmais iarrataí ar fhaisnéis bhreise. Mura ndéanann an t-údarás inniúil agóid i gcoinne na héadála beartaithe ar tugadh fógra dó ina leith laistigh de thréimhse den sórt sin, measfar an éadáil bheartaithe a bheith formheasta.

62 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go bhfuair BaFin fógra an 12 Samhain 2021 maidir leis an éadáil bheartaithe an 16 Samhain 2021, rud ba cheart a bheith ina chúis leis an tréimhse mheasúnaithe dar tús an 19 Samhain 2021.

63 Áitíonn an t-iarratasóir go bhfágann teorainneacha ama teoranta a fhorchur ar an údarás inniúil go bhfuil an nós imeachta um measúnú soiléir agus intuartha, agus go n-áirithítear ag an am céanna go nglacfar cinneadh tapa.

64 Cuireann an t-iarratasóir in iúl freisin, faoi Airteagal 41 den Chairt agus faoi na doiciméid ullmhúcháin chun Treoir 2007/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leasaítear Treoir 92/49/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2002/83/CE, 2004/39/CE, 2005/68/CE agus 2006/48/CE maidir le rialacha nós imeachta agus critéir mheasúnachta i ndáil le measúnú stuamachta ar éadálacha agus ar mhéaduithe ar shealúchais san earnáil airgeadais (IO 2007 L 247, lch. 1) a thrasuí i ndlí na Gearmáine, nach mór an naoú habairt d’Airteagal 2c(1) den KWG a léiriú sa chaoi, beag beann ar iomláine a dheimhniú, go dtosaíonn an tréimhse mheasúnaithe 2 lá tar éis do BaFin an fógra a fháil.

65 Ar an dara dul síos agus mar mhalairt air sin, áitíonn an t-iarratasóir, i bhfianaise admháil fála BaFin an 16 Lúnasa 2022, gur cheart tús a chur leis an tréimhse mheasúnaithe an 19 Lúnasa 2022.

66 Ar an tríú dul síos agus de rogha mhalartach eile, áitíonn an t-iarratasóir gur cheart tús a chur leis an tréimhse mheasúnaithe an 23 Eanáir 2023, trí na fógraí deireanacha a chur isteach le haghaidh sprioc MS agus sprioc Hyp an 19 Eanáir 2023. Ós rud é go ndearnadh iarraidh BaFin ar fhaisnéis bhreise an 27 Eanáir 2023, is é sin le rá, tar éis an tréimhse ama éigeantach 2 lá oibre, ba cheart deireadh a bheith curtha leis an tréimhse mheasúnaithe, ar a dhéanaí, an 19 Aibreán 2023.

67 Ar an gceathrú dul síos, ríomh BaFin an tréimhse mheasúnaithe go mícheart ar an toimhde go bhfuair sé an fhaisnéis is déanaí ón iarratasóir an 3 Feabhra 2023, ós rud é gur sholáthair an t-iarratasóir an fhaisnéis is déanaí ba ghá an 1 Feabhra 2023. Níl údar maith ag BCE a mhaíomh nach mór an fógra agus an fhaisnéis a ghabhann leis a chur isteach i scríbhinn, ós rud é nach bhfuil an seasamh sin ar neamhréir leis an bhfíoras go roghnaíonn BCE féin an modh fógra leictreonach a mheasann sé a bheith iomchuí, ach go bhfuil sé cúrtha ó bhail sa dlí freisin, ós rud é nach gceanglaítear an modh fógartha sin le hAirteagal 22 de Threoir CRD IV ná le hAirteagal 2c(1a) den KWG.

68 Tháinig an t-iarratasóir ar an gconclúid, le linn na tréimhse measúnaithe, nár chuir an BCE i gcoinne na héadála beartaithe agus dá bhrí sin measadh gur formheasadh í.

69 Cuireann BCE i gcoinne líomhaintí an iarratasóra.

70 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 22(6) de Threoir CRD IV, más rud é, le linn na tréimhse measúnaithe, nach gcuireann na húdaráis inniúla i gcoinne, i scríbhinn, na héadála beartaithe, go meastar an éadáil bheartaithe a bheith formheasta.

71 Tá trasuí na forála sin i ndlí na Gearmáine san ochtú habairt d'Airteagal 2c(1b) den KWG, lena bhforáiltear más rud é, le linn na tréimhse measúnaithe, nach gcuireann an t-údarás maoirseachta i gcoinne, i scríbhinn, éadáil nó mhéadú an tsealúchais, go bhféadfar an éadáil nó an méadú a dhéanamh.

72 Mar is léir ón scrúdú ar an gcéad chuid den chéad saincheist dlí, ní thosaíonn an tréimhse mheasúnaithe 60 lá oibre ach ón dáta a admhaítear go bhfuarthas an fógra comhlánaithe (féach mír 45 thuas).

73 Ina theannta sin, is léir ó Airteagal 22(1) de Threoir CRD IV nach mór fógra maidir le sealúchas cáilitheach a thabhairt i scríbhinn, gan an fhoirm i scríbhinn sin a bheith sainithe ann. Faoi dhlí na Gearmáine, foráiltear leis an gcéad abairt d'Airteagal 2c(1) den KWG, dá bhrí sin, nach mór fógra maidir le sealúchas cáilitheach a thabhairt i scríbhinn, i gcomhréir leis an dara habairt den fhoráil sin. Luaitear sa dara habairt sin nach mór don fhaighteoir beartaithe, ina fhógra, na fíorais agus na doiciméid fhíor-riachtanacha a shonrú, nach mór, *inter alia*, a shonrú trí ordú, i gcomhréir le hAirteagal 24(4) den KWG.

74 Dá bhrí sin, bhí soláthar na faisnéise a d'iarr an t-iarratasóir mar sin ina choinníoll riachtanach chun go seolfadh BaFin admháil fála an fhógra chomhlánaithe, rud a fhágann gur féidir tús a chur leis an tréimhse mheasúnaithe.

75 Sa chás seo, an 27 Eanáir 2023, d'iarr BaFin faisnéis maidir le staid airgeadais an iarratasóra. Bhain an fhaisnéis sin, *inter alia*, le praghas ceannaigh a sealúchais sa sprioc a chinneadh, lena tuairisceáin chánach agus leis an tuairisc ar a foinsí ioncaim.

76 Is féidir teacht ar an gcineál sin faisnéise in Airteagal 13(3) den Verordnung über die Anzeigen nach § 2c des Kreditwesengesetzes und § 17 des Versicherungsaufsichtsgesetzes (Inhaberkontrollverordnung, an Rialachán maidir le rialú scairshealbhóirí) an 20 Márta 2009 (BGBl. 2009 I, lch. 562; 'InhKontrollV'), ina sonraítear an fhaisnéis is gá chun fógra a thabhairt faoi éadáil sealúchais cháilithigh, i gcomhréir le hAirteagal 24(4) den KWG.

77 Dá bhrí sin, sula bhfuarthas an fhaisnéis sin, ní raibh an fógra comhlánaithe agus ní fhéadtaí tús a chur leis an teorainn ama le haghaidh na tréimhse measúnaithe dá bhrí sin.

78 An 1 Feabhra 2023, sheol an t-iarratasóir ríomhphost chuig BaFin chun freagra a thabhairt, tar éis iarraidh a fháil ón iarratasóir an 27 Eanáir 2023. Áiríodh sa ríomhphost sin, mar cheangaltáin, leagan scanta den litir freagartha arna síniú ag an iarratasóir, arna marcáil 'roimh ré le ríomhphost', chomh maith le 4 iarscríbhinn i leagan PDF. Sheol an t-iarratasóir an litir sin agus na hiarscríbhinní sin tríd an bpost freisin.

79 Trí admháil fála an 21 Feabhra 2023, chuir BaFin in iúl don iarratasóir go bhfuarthas a litir freagartha an 1 Feabhra 2023 an 3 Feabhra 2023 agus gur measadh go raibh a fógra comhlánaithe. Sa litir chéanna, chuir BaFin in iúl go sainráite don iarratasóir gur cheart go mairfidh an tréimhse mheasúnaithe ón 8 Feabhra go dtí an 5 Bealtaine 2023.

80 I ndáil leis sin, ní mór a chur in iúl nach ndearna an t-iarratasóir, go dtí gur taisceadh a hiarratas, aon bharúil maidir leis an litir sin, lenar mheas BaFin nárbh é ríomhphoist an 1 Feabhra 2023 a fháil túsphointe na tréimhse measúnaithe, ach go bhfuarthas na doiciméid ar pháipéar an 3 Feabhra 2023.

81 I bhfianaise na hadmhála fála sin, ní fhéadfadh an tréimhse mheasúnaithe tosú roimh an 8 Feabhra 2023 ná deireadh a chur léi roimh an 5 Bealtaine 2023, i gcomhréir le hAirteagal 2c(1a) den KWG, arna léamh agus arna léiriú i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 22(2) de Threoir CRD IV.

82 Ar an mbonn sin amháin, ní dhearna BCE earráid dlí agus, go háirithe, níor sháraigh sé Airteagal 41 den Chairt agús é á mheas gur mhair an tréimhse mheasúnaithe ón 8 Feabhra 2023 go dtí an 5 Bealtaine 2023.

83 Maíonn an t-iarratasóir, áfach, gur sholáthair sé an fhaisnéis is déanaí ba ghá an 1 Feabhra 2023, agus ní an 3 Feabhra 2023, de réir mar a áitíonn BaFin. Ní bheadh údar ag BCE a mhaíomh nach mór an fhaisnéis a ghabhann leis an bhfógra a chur isteach i scríbhinn agus, dá bhrí sin, a mheas nach raibh an fógra comhlánaithe ach ón 3 Feabhra 2023 ar aghaidh. Dá bhrí sin, áitíonn an t-iarratasóir nach raibh gá leis an bhfoirm i scríbhinn a chomhlíonadh chun an fhaisnéis a d'iarr BaFin an 27 Eanáir 2023 a sheoladh.

84 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur chomhlíon an t-iarratasóir an fhoirm i scríbhinn a d'éiligh BaFin agus BCE le haghaidh an fhógra tosaigh maidir le héadáil bheartaithe an 12 Samhain 2021.

85 Dá bhrí sin, is í an cheist a thagann chun cinn, go bunúsach, ar cheart an fhoirm chéanna a éileamh chun an fhaisnéis a d'iarr BaFin a chur in iúl an 27 Eanáir 2023, chun a dhearbhú go bhfuil an fógra maidir leis an éadáil bheartaithe comhlánaithe.

86 Mar is léir ó mhíreanna 73 go 77 thuas, ba ghá an fhaisnéis sin, a bhain le staid airgeadais an iarratasóra agus a bhain, go háirithe, le praghas ceannaigh a sealúchais sa sprioc, a tuairisceáin chánach agus an tuairisc ar a foinsí ioncaim a chinneadh, a chur in iúl do BaFin chun go measfaí an fógra faoin éadáil bheartaithe a bheith comhlánaithe. Dá bhrí sin, bhí an fhaisnéis sin le soláthar do BaFin freisin san fhoirm is infheidhme maidir leis an bhfógra bunaidh.

87 Mar sin féin, tá comhthuiscint ann nach gcomhlíonann ríomhphost an iarratasóra an 1 Feabhra 2023, a seoladh mar fhreagra ar iarrataí BaFin an 27 Eanáir 2023, an fhoirm i scríbhinn a cheanglaítear le haghaidh an fhógra tosaigh. Ina theannta sin, cé go gcuireann an t-iarratasóir i gcoinne, ina pléadálacha i scríbhinn, infheidhmeacht, sa chás seo, na chéad abairte d'Airteagal 126 den Bürgerliches Gesetzbuch (Cód Sibhialta na Gearmáine), is léir ó fhaisnéis an chomhaid gur thug an t-iarratasóir fógra an 12 Samhain 2021 i litir. Agus an méid sin á dhéanamh aici, ghlac an t-iarratasóir leis gur ghá an fógra thuasluaite a tharchur i bhfoirm fhisiceach agus í sínithe aici leis an bhfoirm i scríbhinn a cheanglaítear leis an gcéad abairt d'Airteagal 2c(1) den KWG.

88 I ndáil leis sin, d'iarr an Chúirt Ghinearálta ar na páirtithe, trí bheart eagrúcháin nós imeachta dar dáta an 13 Samhain 2024, soiléiriú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar fhoirm i scríbhinn a leagtar amach san fhoráil dá dtagraítear i mír 87 thuas, i bhfianaise dhlí náisiúnta na Gearmáine. Pléadh an tsaincheist ag an éisteacht freisin.

89 Is léir ó fhreagraí i scríbhinn na bpáirtithe agus óna mbarúlacha ó bhéal ag an éisteacht nár sainíodh le creat dlíthiúil na Gearmáine ná na cúirteanna riaracháin náisiúnta an fhoirm i scríbhinn a fhorordaítear sa chéad abairt d'Airteagal 2c(1) den KWG, lena dtrasuitear Airteagal 22(1) de Threoir CRD IV. Mar a mhíníonn BCE, tá an chéad abairt d'Airteagal 126 de Chód Sibhialta na Gearmáine ábhartha freisin i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na chéad abairte d'Airteagal 2c(1) den KWG. Foráiltear leis an bhforáil sin, má fhorordaítear an fhoirm i scríbhinn le dlí, nach mór don eisitheoir an doiciméad atá i gceist a shíniú lena ainm scríofa ina láimh féin nó leis na hinisealacha arna ndeimhniú ag nótaire.

90 Sa chás seo, luaigh an t-iarratasóir féin, ag barr a ríomhphoist an 1 Feabhra 2023, an nath seo a leanas: 'roimh ré le ríomhphost'. Mhínigh sí freisin, ag an éisteacht, gur sheol sí na doiciméid a ghabhann leis an ríomhphost sin i bhfoirm fhisiciúil chun cás a sheachaint nár cuireadh tús leis an teorainn ama sula bhfuarthas na doiciméid san fhoirm sin.

91 Agus é sin á dhéanamh aici, ní hamháin nár chuir an t-iarratasóir i gcoinne an fhíorais gurbh é a bhí i gceist leis an oibleagáid fógra a thabhairt faoin éadáil bheartaithe, ar ghá í a dhéanamh 'i scríbhinn', seoladh ar pháipéar, ach is cosúil gur ghlac sí féin leis sin.

92 Ina theannta sin, féadfar foirm leictreonach, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3a(2) den Verwaltungsverfahrensgesetz (Dlí maidir le nós imeachta riaracháin), sa leagan a foilsíodh an 23 Eanáir 2003 (BGBl. I lch. 102) ('Dlí na Gearmáine maidir le nós imeachta riaracháin') a chur in ionad na foirme i scríbhinn. De réir an airteagail sin, ní cheadaítear doiciméid leictreonacha a tharchur ach amháin 'a mhéid a thugann an faighteoir rochtain chun na críche sin' nó má tá ríomhshíniú cáilithe sna doiciméid lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 3(12) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO 2014 L 257, lch. 73). Sa chás seo, ní chomhlíontar ceachtar den dá choinníoll sin.

93 Mar fhreagra ar cheist ó bhéal a chuir an Chúirt Ghinearálta agus i dteannta a fhreagra ar an mbeart eagrúcháin nós imeachta dá dtagraítear i mír 88 thuas, mhínigh BCE, gan teacht salach ar an bpointe sin ag an iarratasóir, gur chuir BaFin in iúl ina ríomhphoist na seoltaí ríomhphoist sonracha ar cheart na doiciméid a sheoladh chucu i bhformáid leictreonach. Mhínigh sé freisin gur luadh go sainráite ar shuíomh gréasáin BaFin freisin nach mór aon doiciméad leictreonach a sheoladh chuig an dá sheoladh sin amháin, rud nár chuir an t-iarratasóir ina choinne ag an éisteacht ach oiread.

94 Ní mór a lua, tar éis an ríomhphoist a sheol BaFin chuici an 27 Eanáir 2023, inar luadh na seoltaí feidhmiúla sin, nár sheol an t-iarratasóir ríomhphost an 1 Feabhra 2023 chuig aon cheann acu, agus nach raibh ríomhshíniú ar na doiciméid ar a raibh síniú lámhscríofa ar dtús.

95 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur tugadh fógra bailí trí mheán leictreonach faoi na doiciméid a sheol an t-iarratasóir an 1 Feabhra 2023 agus, dá bhrí sin, gur chomhlánaigh siad fógra an 12 Samhain 2023 maidir leis an éadáil bheartaithe go bailí.

96 Ar deireadh, i bhfianaise fhorálacha Airteagal 3a(2) de dhlí na Gearmáine maidir le nós imeachta riaracháin, is gá diúltú don líomhain go bhféadfadh an t-iarratasóir freagra a thabhairt ar an ríomhphost ó BaFin an 27 Eanáir 2023 trí ríomhphost a seoladh chuig an seoladh céanna.

97 In aon chás, ba cheart a chur i bhfios go láidir freisin nach mór do gach páirtí sna himeachtaí na rialacha is infheidhme maidir leis a chomhlíonadh. Dá mbeadh an fógra faoin éadáil bheartaithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa chéad abairt d'Airteagal 2c(1) den KWG, bheadh ar an bhfógra maidir le cinneadh maoirseachta ó BCE an creat dlíthiúil a leagtar amach i míreanna 123 go 126 thíos a chomhlíonadh, a scrúdófar i gcomhthéacs an dara cuid den chéad saincheist dlí.

98 Is léir ón méid sin roimhe seo, i bhfianaise chomhthéacs dlíthiúil agus fíorasach an cháis seo, a mhéid a sheol an t-iarratasóir an fhaisnéis a iarradh trí ríomhphost, chuig seoladh nár beartaíodh chun na críche sin, agus é á fhógairt agus á sheoladh i bhformáid fhisiciúil, ní dhearna BaFin earráid dlí nuair a mheas sé go raibh an fógra i scríbhinn comhlánaithe an lá a fuarthas an fhaisnéis a sheol an t-iarratasóir ar mheán fisiciúil, eadhon an 3 Feabhra 2023.

99 Dá bhrí sin, is léir ón méid sin roimhe seo nach mór diúltú don tríú cuid den chéad saincheist dlí.

An dara cuid lena n-éilítear nach raibh aon fhoirm i scríbhinn ná fógra maidir leis an gcinneadh atá faoi chonspóid

100 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid neamhdhleathach sa mhéid nár tugadh fógra di ina leith i gcomhréir le hAirteagal 35(1) agus (10) agus Airteagal 88(1)(b) de Chreat-Rialachán SMA.

101 Seoladh an cinneadh atá faoi chonspóid chuig an iarratasóir i bhfoirm ceangaltán le ríomhphost, cé nach ndearna BCE cinneadh maidir leis na critéir le haghaidh fógra leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 35(10) de Chreat-Rialachán SMA.

102 Cuireann an t-iarratasóir in iúl freisin nach dtugann Airteagal 35(10) de Chreat-Rialachán SMA an rogha do BCE na modhanna leictreonacha cumarsáide a roghnú a mheasann sé a bheith iomchuí chun fógra a thabhairt faoi chinneadh. Ceanglaítear leis an Airteagal sin ar BCE critéir leictreonacha maidir le fógra a thabhairt a ghlacadh lena gcomhlíontar prionsabal na

deimhneachta dlíthiúla agus lena gceadaítear do sheolaí an chinnidh a bharántúlacht agus am beacht a fhógra a fhíorú. I ndáil leis sin, luann an t-iarratasóir Airteagal 100(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta mar shampla.

103 Ar an dara dul síos, cuireann an t-iarratasóir in iúl nach raibh sé in ann an cinneadh atá faoi chonspóid a aithint toisc nár cuireadh an nóta measúnaithe ar leithligh, ar dlúthchuid de réasúnaíocht BCE é, in iúl di mar chuid den chinneadh sin nó mar iarscríbhinn a ghabhann leis.

104 Ar an tríú dul síos, chomh maith lena freagraí ar bheart eagrúcháin nós imeachta an 13 Samhain 2024, áitíonn an t-iarratasóir gur léir ón gcúigiú agus ón ochtú habairt d'Airteagal 2c(1b) den KWG agus ó Airteagal 22(6) de Threoir CRD IV nach mór cinneadh chun cur i gcoinne éadáil bheartaithe sealúchais cháilithigh a ghlacadh agus fógra a thabhairt ina leith i scríbhinn. Faoi Airteagal 37(2) agus (3) de Dhlí na Gearmáine maidir le nós imeachta riaracháin, ceanglaítear leis an bhfoirm i scríbhinn sin go mbeidh an gníomh riaracháin i bhfoirm fhisiciúil.

105 Is fíor go bhféadfaí foirm leictreonach a chur in ionad na foirme i scríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal 3a(2) agus Airteagal 37(3) de Dhlí na Gearmáine maidir le nós imeachta riaracháin. Mar sin féin, ní chomhlíonann an cinneadh atá faoi chonspóid an fhoirm sin, ós rud é nach bhfuil sé sínithe trí fheiste ríomhshínithe cháilithe, de réir bhrí Airteagal 3(12) de Rialachán Uimh. 910/2014.

106 Measann an t-iarratasóir freisin go bhfuil easpa fíordheimhnithe ag baint leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, agus ní mór a neamhniú a bheith mar thoradh air sin amháin.

107 Cuireann BCE i gcoinne líomhaintí an iarratasóra.

108 Leis an tríú gearán uaidh, áitíonn an t-iarratasóir, ina freagraí ar bheart eagrúcháin nós imeachta an 13 Samhain 2024, nach gcomhlíonann an cinneadh atá faoi chonspóid an fhoirm i scríbhinn, toisc nach bhfuil sé i bhfoirm fhisiciúil, ná i bhfoirm leictreonach, in éagmais ríomhshíniú cáilitheach a ghreamú.

109 Ní féidir bailíocht fhógra an chinnidh atá faoi chonspóid a thabhairt faoi cheist i bhfianaise an dlí nós imeachta náisiúnta.

110 Ar thaobh amháin, mar a tugadh faoi deara i míreanna 36 agus 37 thuas, is nós imeachta ilchodach é an nós imeachta maidir le sealúchais cháilitheacha a rialú a tharlaíonn ar dtús os comhair an údaráis inniúil náisiúnta agus ansin os comhair BCE. Sa chomhthéacs sin, ceanglaítear ar BCE 'forálacha ábhartha uile dhlí an Aontais agus, i gcás ina bhfuil treoracha sa dlí sin, an dlí náisiúnta lena dtrasuitear na treoracha sin' a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán SMA. I ndáil leis sin, luaitear in aithris 34 den Rialachán sin 'gur cheart do BCE na rialacha ábhartha maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa a chur i bhfeidhm'.

111 Dá bhrí sin, ní gá do BCE Airteagail 3a agus 37 de dhlí na Gearmáine maidir le nós imeachta riaracháin, nach bhfuil faoi réir dlí ábhartha a bhaineann le maoirseacht stuamachta, a chur i bhfeidhm.

112 Ar an taobh eile, fiú mura ndearnadh an fógra i scríbhinn nó go leictreonach, de réir bhrí dhlí na Gearmáine, ba cheart a mheabhrú, chun go mbeidh an fógra faoi chinneadh dleathach, gur leor an cinneadh sin a chur in iúl don seolaí agus é a chur ar a chumas é féin a chur ar an eolas air, agus é á chur in iúl, thairis sin, nach gcuireann aon neamhrialtachtaí lena ndéantar difear do na modhanna

ina dtugtar fógra dlíthiúlacht nó rialtacht an ghnímh a fógraíodh uaidh féin ó bhail (breithiúnas an 12 Márta 2020, *LL-Carpenter* v *an Coimisiún*, T-531/18, nár foilsíodh, EU:T:2020:91, mír 110 agus an cásdlí dá dtagraítear).

113 Sa chás seo, cuireadh an cinneadh atá faoi chonspóid in iúl don iarratasóir trí ríomhphost an 5 Bealtaine 2023. Léiríodh go sainráite sa chinneadh sin gur chuir BCE i gcoinne na héadála beartaithe agus bhí na forais leis an bhfreasúra sin ann freisin.

114 Chomh maith leis sin, an 5 Bealtaine 2023, d'iarr BCE, trí ríomhphost, deimhniú go bhfuarthas an cinneadh atá faoi chonspóid. An 8 Bealtaine 2023, thug abhcóide an iarratasóra freagra ar an ríomhphost sin, á rá go raibh sé ag cur i gcoinne bhailíocht an fhógra agus ag iarraidh faisnéis maidir leis na critéir atá le comhlíonadh chun fógra a thabhairt trí mheán leictreonach.

115 Dá bhrí sin, ní dhíospóideann an t-iarratasóir go bhfuair sí an cinneadh atá faoi chonspóid agus go raibh sí in ann í féin a chur ar an eolas faoi an 5 Bealtaine 2023. Is dearbhú é an t-eolas sin ar an eolas sin, in aon chás, ós rud é gur iarr sí, an 12 Bealtaine 2023, go gcuirfí an nóta measúnaithe ar leithligh in iúl, ag tagairt go sainráite don tagairt dó sa chinneadh atá faoi chonspóid.

116 Dá bhrí sin, ní féidir leis an mainneachtain líomhnaithe an fhoirm i scríbhinn agus an fhoirm leictreonach a chomhlíonadh, sa chás seo, dochar a dhéanamh do staid dhlíthiúil agus fhíorasach an iarratasóra, de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 55 thuas. In aon chás, ós rud é nach féidir le mainneachtain na rialacha a bhaineann le fógra a thabhairt faoin gcinneadh atá faoi chonspóid difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht an chinnidh sin, ní mór a mheas go bhfuil gearán an iarratasóra neamhéifeachtach.

117 Dá bhrí sin, ní mór diúltú do líomhaintí an iarratasóra.

118 Ar deireadh, maíonn an t-iarratasóir gur mainníodh an cinneadh atá faoi chonspóid a fhíordheimhniú, ar an bhforas, go háirithe, nach bhfuil ríomhshíniú cáilitheach ann. Is ceanglas riachtanach nós imeachta é an fíordheimhniú sin, a bhféadfadh neamhniú an ghnímh lena mbaineann a bheith mar thoradh air agus féadfaidh an chúirt é a ardú uaithi féin (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA*, C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, mír 152).

119 I ndáil leis sin, is léir ón gcásdlí gurb é an cuspóir atá le beart a fhíordheimhniú deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, trína chinntiú go dtagann an téacs a ghlac údar an ghnímh chun bheith críochnaitheach. Dá bhrí sin, is ionann fíorú ar chomhlíonadh fhoirmiúlacht an fhíordheimhnithe agus cinnteacht an ghnímh a fhíorú (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Samhain 2019, *Banco Cooperativo Español* v *BRA*, T-323/16, EU:T:2019:822, míreanna 75 agus 77).

120 Sa chás seo, mar a chuireann an t-iarratasóir in iúl ina hiarratas, atáirgtear sa chinneadh atá faoi chonspóid an dréachtchinneadh a cuireadh in iúl don iarratasóir le linn an nós imeachta riaracháin, cé is moite de leasuithe íosta foirmiúla áirithe. Ní líomhnaíonn an t-iarratasóir gur leasaíodh an cinneadh atá faoi chonspóid tar éis a shínithe agus ní chuireann sí i gcoinne chéannacht ná údarás a shínitheora. Ní mhaíonn sí ach neamhrialtacht fhoirmiúil an tsínithe sin, gan a luach cruthúnais a dhíospóid.

121 Dá bhrí sin, agus in éagmais aon toisc eile a d'fhéadfadh amhras a chruthú maidir le cinnteacht an chinnidh atá faoi chonspóid, ní féidir amhras a chaitheamh ar fhíordheimhniú an chinnidh sin.

122 Maidir le hargóint an iarratasóra nár tugadh fógra di faoin gcinneadh atá faoi chonspóid, i gcomhréir le hAirteagal 35(1) agus (10) agus Airteagal 88(1)(b) de Chreat-Rialachán SMA, ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara.

123 Faoi Airteagal 35(1) agus (10) de Chreat-Rialachán SMA, féadfaidh BCE fógra a thabhairt do pháirtí faoi chinneadh maoirseachta BCE, lena n-áirítear trí mheán leictreonach. De bhun Airteagal 35(10) de Chreat-Rialachán SMA, féadfaidh BCE na critéir a chinneadh faoina bhféadfar fógra a thabhairt faoi chinneadh maoirseachta BCE trí mhodhanna cumarsáide leictreonacha nó trí mhodhanna cumarsáide inchomparáide eile.

124 Is comhthuiscint é nár chinn BCE critéir den sórt sin. Mar sin féin, ní fhágann foclaíocht Airteagal 35 de Chreat-Rialachán SMA go bhfuil an deis ag BCE fógra a thabhairt faoi chinneadh maoirseachta trí mheán leictreonach coinníollach ar réamhshainiú na gcritéar sin. Ní fhoráiltear le hAirteagal 35(10) de Chreat-Rialachán SMA ach go bhféadfaidh BCE, go bunúsach, na critéir a chinneadh faoina bhféadfar fógra a thabhairt faoi chinneadh maoirseachta trí mhodhanna cumarsáide leictreonacha nó trí mhodhanna cumarsáide inchomparáide eile. Dá bhrí sin, ní chuirtear bac leis an Airteagal sin ar BCE fógra a thabhairt don iarratasóir faoin gcinneadh atá faoi chonspóid trí ríomhphost.

125 Thairis sin, faoi Airteagal 88(1)(b) de Chreat-Rialachán SMA, tá BCE le fógra a thabhairt do na páirtithe, a luaithe is féidir, i gcomhréir le hAirteagal 35 den Chreat-Rialachán sin, faoi chinntí a bhaineann le héadáil sealúchais cháilithigh in institiúid creidmheasa.

126 Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal 22(5) de Threoir CRD IV, má chinneann na húdaráis inniúla cur i gcoinne éadála, go gcuirfidh siad an faighteoir beartaithe ar an eolas laistigh de 2 lá oibre ón measúnú a chur i gcrích agus gan dul thar an tréimhse mheasúnaithe, agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin á lua acu.

127 De réir an chásdlí, tugtar fógra cuí faoi chinneadh nuair a chuirtear in iúl don seolaí é agus nuair atá an seolaí in ann é féin a chur ar an eolas faoi. Meastar, dá bhrí sin, gurb iomchuí modh fógartha i gcás inar féidir túsphointe na tréimhse chun caingean a thionscnamh a chinneadh go cinnte (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Aibreán 1995, *BASF agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-80/89, T-81/89, T-83/89, T-87/89, T-88/89, T-90/89, T-93/89, T-95/89, T-97/89, T-99/89 go T-101/89, T-103/89, T-105/89, T-107/89 agus T-112/89, EU:T:1995:61, mír 59).

128 Ní mór a mheas, tríd an iarratasóir a chur ar an eolas faoina chinneadh cur i gcoinne na héadála beartaithe, mar aon leis na cúiseanna leis an gcinneadh sin, trí ríomhphost an 5 Bealtaine 2023, faoi choinníollacha atá comhsheasmhach le hAirteagal 22(5) de Threoir CRD IV, nár sháraigh BCE forálacha Airteagal 35(1) agus (10) agus Airteagal 88(1)(b) de Chreat-Rialachán SMA.

129 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóintí an iarratasóra.

130 Thairis sin, ní féidir leis an iarratasóir a mhaíomh nár chuir seoladh déanach an nóta measúnaithe ar leithligh ar a cumas í féin a chur ar an eolas faoin gcinneadh atá faoi chonspóid.

131 Is fíor go bhfuil comhthuiscint ann nár cuireadh an nóta measúnaithe ar leithligh in iúl don iarratasóir, arna iarraidh sin di, go dtí an 15 Bealtaine 2023, is é sin le rá, 10 lá tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh atá faoi chonspóid. Líomhnaíonn BCE gur earráid inmheánach is cúis leis an seoladh sin ina dhiaidh sin.

132 Ní dhéanann seoladh an nóta measúnaithe ar leithligh ina dhiaidh sin difear, áfach, do ríomh na teorann ama atá leagtha síos do BCE chun a mheasúnú a chur i gcrích, ós rud é, mar a luaitear i míreanna 112 go 115 thuas, gur léiríodh go soiléir leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, mar a cuireadh in iúl don iarratasóir an 5 Bealtaine 2023, freasúra BCE i gcoinne na héadála beartaithe, freasúra a chuireann an t-iarratasóir ina coinne ina caingean.

133 Go bunúsach, tá freasúra BCE i gcoinne na héadála beartaithe faoi réir ráiteas ar chúiseanna sa chinneadh atá faoi chonspóid. Chinn BCE go raibh gníomhaíocht chomhbheartaithe ann agus, dá bhrí sin, go raibh éadáil sealúchais cháilithigh ag an iarratasóir. Leagtar amach ann freisin na cúiseanna nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir nach mór do scairshealbhóir atá beartaithe d'éadáil sealúchais cháilithigh a chomhlíonadh, mar a luaitear i mír 23 thuas.

134 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint sin an iarratasóra.

135 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don dara cuid den chéad saincheist dlí agus, dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí ina hiomláine.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil agus ar an oibleagáid cúiseanna a lua

136 Rinne an t-iarratasóir a dara saincheist dlí a roinnt ina dá chuid, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar a ceart chun éisteacht a fháil agus, ar an dara dul síos, sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua.

An chéad chuid lena n-éilítear sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil

137 Áitíonn an t-iarratasóir, i bhfianaise Airteagal 41(2)(a) den Chairt, Airteagal 31 de Chreat-Rialachán SMA agus na chéad mhíre d'Airteagal 22(1) de Rialachán SMA, gur sháraigh BCE a ceart chun éisteacht a fháil.

138 Ghlac BCE an cinneadh atá faoi chonspóid ar bhonn na bhfíoras a luadh den chéad uair i nóta measúnaithe ar leithligh, a cuireadh in iúl don iarratasóir 10 lá tar éis ghlacadh an chinnidh atá faoi chonspóid, agus ní mór, dá bhrí sin, diúltú dó. Mar sin féin, chinn BCE go raibh gníomhaíocht chomhbheartaithe idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe mar thoradh ar na fíorais sin. Chinn BCE ansin gur bhain an éadáil bheartaithe le sealúchas cáilitheach 100 % de chearta vótála agus de chaipiteal na sprice, chomh maith le rialú a fháil ar sprioc MS agus ar sprioc Hyp.

139 Dá bhrí sin, cheil BCE an deis ar an iarratasóir barúlacha a thabhairt ar na fíorais sin agus, dá bhrí sin, a léiriú nach raibh scairshealbhóirí Warburg Gruppe ag gníomhú de chomhbheart, go háirithe maidir leis an éadáil bheartaithe. In éagmais gníomhaíocht chomhbheartaithe idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe, ní 100 % de na cearta vótála agus de chaipiteal na sprice a bheadh i sealúchas cáilitheach an iarratasóra agus d'fhéadfadh BCE, i gcás den sórt sin, critéir mheasúnaithe nach bhfuil chomh dian céanna a chur i bhfeidhm maidir leis an éadáil bheartaithe.

140 Cuireann an t-iarratasóir in iúl freisin go bhfuil anailís mhícheart sa nóta measúnaithe ar leithligh, ós rud é gur bhain BCE úsáid mhícheart as na fíorais chéanna chun gníomhaíocht chomhbheartaithe a thréithriú ar leibhéal MWB 1 agus ar leibhéal Warburg Gruppe araon. Ar an gcaoi chéanna, chuir BCE an fógra san áireamh go mícheart ar bhonn gníomhaíocht chomhbheartaithe maidir leis an gcumasc beartaithe idir Warburg Gruppe agus an sprioc chun

teacht ar an gconclúid go raibh gníomhaíocht chomhbheartaithe ann i bprionsabal idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe. Go bunúsach, d'eascair an fógra sin as an gcéad abairt d'Airteagal 2c(1) den KWG, lena n-éilítear fógra comhpháirteach má ghníomhaíonn na scairshealbhóirí de chomhbheart chun críocha an idirbhirt atá beartaithe. Measann an t-iarratasóir freisin nár tháirg BCE na fíorais lena léirítear go bhfuil patrún vótála ann idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe.

141 Áitíonn an t-iarratasóir, fiú in éagmais gníomhaíocht chomhbheartaithe idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe, nach bhféadfaí sealúchas 40.24 % i gcaipiteal na sprice a chur ina leith, ós rud é go bhfuil an réasúnaíocht sin bunaithe ar an dara habairt d'Airteagal 5(1) den InhKontrollV, atá neamhdhleathach.

142 In aon chás, measann an t-iarratasóir nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh toradh an nós imeachta a bheith difriúil dá dtabharfaí an deis di a tuairimí a chur i láthair, agus go bhfuil an nós imeachta lochtach dá bhrí sin.

143 Cuireann BCE i gcoinne líomhaintí an iarratasóra.

144 Cáineann an t-iarratasóir BCE, go bunúsach, as gan éisteacht a thabhairt di maidir leis an bhfianaise ar ar bhraith BCE chun a chinneadh go raibh gníomhaíocht chomhbheartaithe ann idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe, nach raibh le feiceáil ach amháin sa nóta measúnaithe ar leithligh, a cuireadh in iúl tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh atá faoi chonspóid.

145 Ba cheart a mheabhrú go foráiltear le hAirteagal 41(2)(a) den Chairt go n-áirítear, leis an gceart chun dea-riaracháin, ceart gach duine chun éisteacht a fháil sula nglactar aon bheart leithleach i ndáil leis nó léi ar beart é a dhéanfadh dochar dó nó di.

146 Leis an gceart chun éisteacht a fháil, ráthaítear go mbeidh an deis ag gach duine a bharúlacha nó a barúlacha a chur in iúl go héifeachtach le linn nós imeachta riaracháin sula nglacfar aon chinneadh lena bhféadfaí dochar a bheith á dhéanamh dá leasanna. Thairis sin, is cásdlí socair é go saothraítear dhá chuspóir leis an gceart chun éisteacht a fháil. Ar thaobh amháin, baineann sé leis an gcás a imscrúdú agus leis na fíorais a dheimhniú chomh cruinn agus ceart agus is féidir agus, ar an taobh eile, cinntítear cosaint éifeachtach leis don duine lena mbaineann. Tá an ceart chun éisteacht a fháil ceaptha, go háirithe, chun a áirithiú gurb i bhfianaise eolas iomlán ar na fíorais a ghlacfar aon chinneadh lena ndéanfar dochar agus, go háirithe, go mbeartófar leis an gcinneadh sin go gceadófar don údarás inniúil earráid a cheartú nó don duine lena mbaineann gnéithe dá chúinsí nó dá cúinsí pearsanta a chur ar aghaidh a bheadh mar údar leis an gcinneadh a dhéanamh, gan é a dhéanamh nó ábhar ar leith a bheith leis (féach breithiúnas an 22 Samhain 2023, *Del Valle Ruíz agus páirtithe eile* v *BRA*, T-302/20, T-303/20 agus T-307/20, EU:T:2023:735, mír 141 agus an cásdlí dá dtagraítear).

147 Mar is léir óna fhoclaíocht féin, tá feidhm ghinearálta ag Airteagal 41(2)(a) den Chairt. Dá bhrí sin, ní mór an ceart chun éisteacht a fháil a urramú i ngach imeacht a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar ghníomh lena ndéantar difear do dhuine, fiú i gcás nach bhforáiltear go sainráite sna rialacha is infheidhme d'fhoirmiúlacht den sórt sin (féach breithiúnas an 22 Samhain 2023, *Del Valle Ruíz agus páirtithe eile* v *BRA*, T-302/20, T-303/20 agus T-307/20, EU:T:2023:735, mír 142 agus an cásdlí dá dtagraítear).

148 I bhfianaise a stádais mar phrionsabal bunúsach ginearálta de dhlí an Aontais, ní féidir cur i bhfeidhm phrionsabal na gceart chun cosanta, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil, a eisiamh nó a shrianadh le foráil reachtach agus ní mór comhlíonadh an phrionsabail sin a áirithiú dá bhrí sin in éagmais iomlán rialacha sonracha agus, chomh maith leis sin, i láthair rialacha nach gcuirtear an prionsabal sin san áireamh iontu féin (féach breithiúnas an 22 Samhain 2023, *Del Valle Ruíz agus páirtithe eile* v *BRA*, T-302/20, T-303/20 agus T-307/20, EU:T:2023:735, mír 143 agus an cásdlí dá dtagraítear).

149 Is léir ó Airteagal 31(1) de Chreat-Rialachán SMA, sula nglacfar cinneadh maoirseachta BCE ar dócha go ndéanfadh sé dochar do chearta páirtí, agus seachas i gcás práinne, nach mór an deis a bheith ag an bpáirtí sin a bharúlacha ar na fíorais dhlíthiúla, na forais dhlíthiúla agus an bunús dlíthiúil is ábhartha do chinneadh maoirseachta BCE a chur faoi bhráid BCE i scríbhinn, agus é á shonrú go dtagraíonn an fógra lena dtugann BCE deis do na páirtithe a mbarúlacha a chur isteach d'ábhar substainteach an chinnidh maoirseachta atá beartaithe, na fíorais dhlíthiúla, na forais dhlíthiúla agus an bunús dlíthiúil is gá ar a bhfuil sé beartaithe aige a chinneadh a bhunú.

150 Foráiltear freisin leis an gcéad mhír d'Airteagal 22(1) de Rialachán SMA, ach amháin i gcás práinne, nach mbunaíonn BCE a chinntí lena ndéantar measúnú ar shealúchas cáilitheach ach ar agóidí a raibh na páirtithe lena mbaineann in ann a mbarúlacha a thabhairt ina leith.

151 Sa chás seo, leagtar amach sna dréachtchinntí arna dtarraingt suas ag BCE agus BaFin na gnéithe fíorasacha agus dlí is gá ar a bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe. Go háirithe, tugtar faoi deara sna dréachtchinntí sin go bhfuil scairshealbhóirí Warburg Gruppe ag gníomhú de chomhbheart. I bhfianaise na gníomhaíochta comhbheartaithe sin, déantar anailís sna dréachtchinntí sin ansin ar an éadáil bheartaithe agus tagann siad ar an gconclúid go bhfaigheann an t-iarratasóir sealúchas cáilitheach sa sprioc.

152 I gcomhréir le hAirteagal 31(1) de Chreat-Rialachán SMA, chuir BCE an dréachtchinneadh atá faoi chonspóid in iúl don iarratasóir, ina dtagraítear go sainráite, i míreanna 1.1 agus 2.1 de, don anailís a rinne BaFin ina dhréachtchinneadh. An 14 Aibreán 2023, fuair an t-iarratasóir rochtain ar an gcomhad. Dá bhrí sin, bhí sí in ann aird a thabhairt ar dhréachtchinneadh BaFin.

153 Ina barúlacha an 21 Aibreán 2023 maidir le dréachtchinneadh BCE, bhí an t-iarratasóir in ann, dá bhrí sin, a tuairimí a chur in iúl maidir le gníomhaíocht chomhbheartaithe a bheith ann idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe, chun agóid a dhéanamh i gcoinne na conclúide go bhfaigheadh sí sealúchas cáilitheach sa sprioc. Go háirithe, dhearbhaigh sí nach raibh scairshealbhóirí Warburg Gruppe ag gníomhú de chomhbheart agus d'áitigh sí go raibh cinneadh BCE ina leith sin treallach, toisc nár tugadh bunús leis.

154 Is léir ón nóta measúnaithe ar leithligh gur chuir BCE barúlacha an iarratasóra san áireamh agus gur thug sé freagra orthu. Dá bhrí sin, shonraigh sé an fhianaise lena léirítear, dar leis, go raibh gníomhaíocht chomhbheartaithe ann idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe.

155 Dá bhrí sin, d'fheidhmigh an t-iarratasóir a ceart chun éisteacht a fháil i ndáil leis an ngné sin den chinneadh atá faoi chonspóid, sular glacadh é.

156 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad chuid den dara saincheist dlí.

An dara cuid lena n-éilítear nach leor na cúiseanna atá leis an gcinneadh atá faoi chonspóid

157 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir nach bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid réasúnaithe go leor i bhfianaise Airteagal 296(2) CFAE, Airteagal 33(1) agus (2) de Chreat-Rialachán SMA agus an dara habairt den chéad mhír d'Airteagal 22(1) agus an dara mír d'Airteagal 22(2) de Rialachán SMA.

158 Ar an dara dul síos, measann an t-iarratasóir gur cheart na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid a bheith leordhóthanach ann féin, gan bheith air tagairt a dhéanamh don nóta measúnaithe ar leithligh, nach bhfuil ina dhlúthchuid de, ós rud é nach raibh sé i gceangal leis. Tarraingíodh suas an nóta measúnaithe sin freisin tar éis ghlacadh an chinnidh atá faoi chonspóid. Tá na fíorais ar a bhfuil BCE ag brath chun a shuíomh gurb ann do ghníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal Warburg Gruppe leagtha amach sa nóta measúnaithe ar leithligh amháin. Léirítear é sin leis an bhfíoras go bhfuil an nóta measúnaithe ar leithligh beagnach dhá oiread níos faide ná an cinneadh atá faoi chonspóid agus go dtagraíonn BCE dó go mion minic ina phléadálacha.

159 Cuireann an t-iarratasóir in iúl freisin, sa bhreis ar a freagraí ar bheart eagrúcháin nós imeachta an 13 Samhain 2024, nach bhfuil an nóta measúnaithe ar leithligh, ar gné fhíor-riachtanach den chinneadh atá faoi chonspóid é, nasctha go doscartha leis an gcinneadh sin agus nach bhfuil aon ríomhshíniú cáilitheach bainteach leis. Ní fhéadfaí leagan an doiciméid sin a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Rialaithe lena ghlacadh a chinneadh. Dá bhrí sin, níl a bharántúlacht bunaithe.

160 Sonraíonn an t-iarratasóir freisin nach bhfuil sé ábhartha a mheas, a luaithe a fuarthas an nóta measúnaithe ar leithligh, go raibh dóthain ama aici chun caingean a thionscnamh. Ar dtús, níor sheol BCE an nóta measúnaithe ar leithligh chuici ach amháin ar iarraidh ó BCE. Ina dhiaidh sin, ní féidir na teorainneacha ama chun caingean a thionscnamh, ar tréimhsí beartais phoiblí iad, a ghiorrú ar bhealach ar bith. Ar deireadh, de réir BCE, ceanglaítear leis an gcásdlí go ndéanfar na cúiseanna le cinneadh institiúide a chur in iúl an tráth céanna a thugtar fógra faoin gcinneadh atá i gceist, *a fortiori* i gcás nach mór cinneadh den sórt sin a ghlacadh laistigh de thréimhse fhorordaithe, mar is amhlaidh sa chás seo.

161 Ar an tríú dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go ndearna BCE leasú agus forlíonadh ar na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid le linn na n-imeachtaí, rud atá contrártha leis an gcásdlí. Go sonrach, áitíonn an t-iarratasóir nach mór diúltú d'argóintí BCE maidir leis an easpa dea-cháile a líomhnaítear a bheith uirthi agus maidir lena neamhinniúlacht ghairmiúil, nuafhorbartha i bhfianaise ábhar a hiarratais agus a comhfhreagrais le BaFin araon. Ar an gcaoi chéanna, cuireann sí in iúl nach féidir le BCE brath ar an gcinneadh a glacadh faoin bpróiseas maoirseachta agus meastóireachta ('cinneadh SREP') ó 2022, ós rud é go bhfuil an cinneadh sin tar éis an chinnidh atá faoi chonspóid. Ní léir ach oiread ón leagan neamhrúnda de chinneadh SREP 2021 go raibh fear céile an iarratasóra ina chúis le rioscaí suntasacha don sprioc.

162 Ar deireadh, cuireann an t-iarratasóir in iúl go bhfuil an anailís a bhí uirthi a fháil, in aon chás, 40.24 % de chaipiteal na sprice faoin dara habairt d'Airteagal 5(1) de InhKontrollV in easnamh go hiomlán ón gcinneadh atá faoi chonspóid agus nach féidir, dá bhrí sin, í a chur san áireamh.

163 Cuireann BCE i gcoinne na n-argóintí sin.

164 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a mheabhrú, ar thaobh amháin, go bhforáiltear leis an dara mír d'Airteagal 296 CFAE go luaitear i ngníomhartha dlí institiúidí an Aontais Eorpaigh na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe agus, ar an dara dul síos, go bhforáiltear leis an gceart chun dea-riaracháin, a chumhdaítear in Airteagal 41 den Chairt, d'oibleagáid ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais na cúiseanna lena gcinntí a lua (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA*, C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, mír 102).

165 Tá tábhacht ar leith ag baint leis na cúiseanna le cinneadh ó institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh, sa mhéid is go gcuireann sé ar chumas an duine lena mbaineann cinneadh a dhéanamh, agus láneolas aige ar na fíorais ábhartha, an bhfuil sé i gceist aige caingean a thionscnamh i gcoinne an chinnidh sin agus go gcuireann sé ar chumas na cúirte inniúla a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar cheann de na coinníollacha maidir le héifeachtacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA*, C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, mír 103 agus an cásdlí dá dtagraítear).

166 Is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach mór ráiteas ar chúiseanna den sórt sin a bheith iomchuí don ghníomh atá i gceist agus don chomhthéacs inar glacadh é. Chuige sin, níl na gnéithe fíorasacha agus dlí ábhartha go léir le lua sa mhéid nach mór measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na gcúiseanna i bhfianaise ní hamháin faoi mar a cuireadh friotal orthu, ach i bhfianaise an chomhthéacs agus na rialacha dlí go léir maidir leis an ábhar atá i gceist freisin agus, go háirithe, de réir an leasa maidir le mínithe a fháil a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine a bhfuil an gníomh dírithe orthu. Dá bhrí sin, is leor na cúiseanna a thugtar le gníomh lena ndéantar dochar do dhuine má glacadh an gníomh sin i gcomhthéacs a raibh aithne ag an duine lena mbaineann air agus lena gcuirtear ar a chumas raon feidhme an ghnímh a bhaineann leis a thuiscint (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA*, C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, mír 104 agus an cásdlí dá dtagraítear).

167 Sa chás seo, tá na fíorais a bhaineann leis an éadáil bheartaithe agus an chonclúid gur cheart go bhfaigheadh an t-iarratasóir sealúchas cáilitheach sa sprioc mar thoradh uirthi, i bhfianaise na gníomhaíochta comhbheartaithe idir scairshealbhóirí Warburg Gruppe, leagtha amach i míreanna 1.1 go 1.5 agus 2.1 den chinneadh atá faoi chonspóid.

168 Thairis sin, déantar scrúdú soiléir ar na critéir lena dtugtar údar le cur i gcoinne na héadála beartaithe ag BCE, dá dtagraítear i mír 23 thuas, sa chinneadh atá faoi chonspóid i míreanna 2.3 go 2.12, maidir le dea-cháil an iarratasóra, i mír 2.12(c) maidir lena sócmhainneacht, agus i míreanna 2.13 go 2.15, maidir le ceanglais stuamachta na sprice a chomhlíonadh. Ina theannta sin, tagann an cinneadh atá faoi chonspóid i gcomhthéacs arb eol don iarratasóir é, sa mhéid gur thug sí féin fógra faoi na sonraí a bhaineann leis an éadáil bheartaithe agus go ndeachthas i gcomhairle léi le linn an nós imeachta riaracháin sular glacadh an cinneadh sin.

169 Dá bhrí sin, sonraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid na gnéithe fíorasacha agus dlí ábhartha ar a bhfuil sé bunaithe, gan gá dul ar iontaoibh an nóta measúnaithe ar leithligh ná na mínithe a thug BCE ina dhiaidh sin.

170 Dá bhrí sin, tá na cúiseanna leis an gcinneadh sin réasúnaithe go leor, agus é á mheabhrú gur ceanglas fíor-riachtanach nós imeachta í an oibleagáid cúiseanna a lua nach mór idirdhealú a dhéanamh idir í agus an cheist an bhfuil bunús maith leis na cúiseanna a thugtar leis an gcinneadh sin, rud a bhaineann le dlíthiúlacht shubstainteach an ghnímh atá faoi chonspóid (breithiúnas an 12 Nollaig 2012, *Electrabel* v *an Coimisiún*, T-332/09, EU:T:2012:672, mír 179).

171 Ar an dara dul síos, maidir leis an nóta measúnaithe ar leithligh, áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, nach bhfuil sé ina dhlúthchuid den chinneadh atá faoi chonspóid, cé gur gné bhunriachtanach de é, agus gur dréachtaíodh é tar éis fhógra an chinnidh sin. Dá bhrí sin, níor cheart é a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid.

172 Cinneadh, a mhéid a cuireadh freagraí BCE ar bharúlacha na bhfaighteoirí beartaithe maidir le dréachtchinneadh in iúl an lá céanna a cuireadh an fógra faoin gcinneadh sin in iúl, go raibh na freagraí sin, ar an gcaoi chéanna le comhfhreagras BaFin a seoladh chuig na faighteoirí beartaithe le linn an nós imeachta riaracháin agus togra BaFin le haghaidh cinnidh, mar chuid de chomhthéacs an chinnidh atá faoi chonspóid agus nár mhór iad a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na cúiseanna leis an gcinneadh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Iúil 2024, *PH agus páirtithe eile* v *BCE*, T-323/22, EU:T:2024:460, míreanna 20, 85 agus 86 (nár foilsíodh)). Is amhlaidh atá, go háirithe, maidir leis an bhfaisnéis atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hinstitiúide atá i gceist ar dháta an chinnidh atá faoi chonspóid (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA*, C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, mír 168).

173 Sa chás seo, cuireadh an nóta measúnaithe ar leithligh in iúl don iarratasóir 10 lá tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh atá faoi chonspóid.

174 I mír 1.12, tagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid don nóta measúnaithe ar leithligh mar a leanas: '[r]inneadh measúnú ar [bharúlacha an iarratasóra] agus tugadh aghaidh orthu i nóta measúnaithe ar leithligh a cuireadh in iúl don fhaighteoir beartaithe agus i míreanna 1.10 agus 2.10 den chinneadh sin'. Ní thagraíonn an fhoclaíocht sin don nóta measúnaithe ar leithligh mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh atá faoi chonspóid a bhfuil sé doscartha uaidh.

175 Mar sin féin, rinneadh tagairt go sainráite don nóta measúnaithe ar leithligh ann. I bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i mír 172 thuas, féadfar a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil an nóta measúnaithe ar leithligh mar chuid de chomhthéacs an chinnidh atá faoi chonspóid agus féadfar é a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

176 Is fíor nach mór, i bprionsabal, na cúiseanna atá le cinneadh a chur in iúl don duine lena mbaineann ag an am céanna leis an gcinneadh lena ndéantar dochar dó (féach breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2011, *Elf Aquitaine* v *an Coimisiún*, C-521/09 P, EU:C:2011:620, mír 149 agus an cásdlí dá dtagraítear). In imthosca eisceachtúla, áfach, féadfar na cúiseanna atá le gníomh a mhíniú ina dhiaidh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Meitheamh 2005, *Corsica Ferries France* v *an Coimisiún*, T-349/03, EU:T:2005:221, mír 287).

177 Sa chás seo, tá seoladh déanach an nóta measúnaithe ar leithligh mar thoradh ar earráid ábhartha inmheánach chuig BCE. Is amhlaidh fós, áfach, go luaitear an nóta sin go sainráite sa chinneadh atá faoi chonspóid, ina ndearnadh tagairt do na gnéithe réasúnaíochta a bhí ar fáil tráth a glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid, agus mar thoradh air sin gur cuireadh an t-iarratasóir ar an eolas go raibh sé ann a luaithe a tugadh fógra faoin gcinneadh atá faoi chonspóid agus go bhféadfadh sí,

dá bhrí sin, a iarraidh go gcuirfí in iúl é tar éis di an cinneadh sin a fháil. Dá bhrí sin, d'iarr an t-iarratasóir rochtain ar an doiciméad sin Dé hAoine an 12 Bealtaine 2023, is é sin le rá, 5 lá oibre tar éis di an cinneadh atá faoi chonspóid a fháil. Ghéill BCE leis go pras, ós rud é gur sheol sé an doiciméad sin chuici an lá gnó dár gcionn, eadhon Dé Luain an 15 Bealtaine 2023.

178 Dá bhrí sin, mar thoradh ar na himthosca dá dtagraítear i mír 177 thuas, cuireadh moill ar an nóta measúnaithe ar leithligh ó BCE a sheoladh chuig an iarratasóir, gan an deis a bheith di eolas a chur air, áfach. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin nár léirigh an t-iarratasóir, nó nár líomhnaíodh fiú, go ndéanfadh seoladh déanach an nóta measúnaithe ar leithligh dochar dá cearta (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 7 Aibreán 1987, *SISMA* v *an Coimisiún*, 32/86, EU:C:1987:187, mír 4). Go háirithe, níor mhaígh sí go mbainfeadh an seoladh sin an bonn dá cumas caingean a thionscnamh laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 263 CFAE nó gur cheart síneadh a chur leis an tréimhse chéanna.

179 Áitíonn an t-iarratasóir gur tarraingíodh suas an nóta measúnaithe ar leithligh a cuireadh in iúl di tar éis an fhógra faoin gcinneadh atá faoi chonspóid, mar a léirítear le meiteashonraí an doiciméid sin.

180 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtugtar an líomhain sin faoi cheist leis an bhfianaise ar a bhfuil BCE ag brath. Míníonn an Coimisiún go bhfuil na meiteashonraí dá dtagraíonn an t-iarratasóir, fiú má chruthaítear iad, mar thoradh ar an bhfíoras gur íoslódáladh an nóta ar leithligh ó chóras stórála inmheánach BCE agus gur tiontaíodh go formáid PDF iad, díreach sular seoladh chuig an iarratasóir é. Ina theannta sin, táirgeann BCE seat scáileáin de leagan Word den nóta measúnaithe ar leithligh, mar a thaifeadtar sa chóras stórála thuasluaite. Cé nár cuireadh dáta leis, is léir ón seat scáileáin sin gur cruthaíodh leagan Word den nóta measúnaithe ar leithligh an 25 Aibreán 2023, i bhfad roimh fhógra an chinnidh atá faoi chonspóid.

181 I bhfianaise na ngnéithe sin, níor léiríodh gur tarraingíodh suas an nóta measúnaithe ar leithligh tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh atá faoi chonspóid.

182 I bhfianaise imthosca sonracha an cháis, ní fhágann seoladh déanach an nóta measúnaithe ar leithligh nach féidir an fhaisnéis atá ann a chur san áireamh chun críocha scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid.

183 Ar an tríú dul síos, déanann an t-iarratasóir gearán gur chuir BCE leis na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid os comhair na Cúirte Ginearálta chun a léiriú go raibh éadáil sealúchais cháilithigh sa sprioc mar thoradh ar an éadáil bheartaithe agus chun údar a thabhairt lena cur i gcoinne na héadála sin i bhfianaise na gcritéar measúnaithe dlíthiúil.

184 I ndáil leis sin, is léir ón gcásdlí nach féidir na cúiseanna a mhíniú den chéad uair agus go cúlghabhálach os comhair na cúirte, ach amháin in imthosca eisceachtúla (breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2023, *Clariant agus Clariant International* v *an Coimisiún*, T-590/20, EU:T:2023:650, mír 175).

185 Ní féidir aon fhoras a chuir BCE ar aghaidh den chéad uair os comhair na Cúirte Ginearálta, mura bhfuil údar leis de bharr imthosca eisceachtúla, a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, a measadh a bheith leordhóthanach, in aon chás, i gcomhréir le mír 170 thuas.

186 Dá bhrí sin, i gcomhthéacs na hanailíse ar an gceathrú agus ar an gcúigiú saincheist dlí, dá dtagraítear, ní féidir leis an gCúirt Ghinearálta aon fhorais nua nach bhfuil údar leo de bharr imthosca eisceachtúla a chur san áireamh.

187 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara cuid den dara saincheist dlí agus, dá bhrí sin, don dara saincheist dlí ina hiomláine.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur mainníodh fíorais ábhartha a scrúdú agus sárú ar an oibleagáid an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh ar bhonn fíorasach sách láidir amháin

188 Áitíonn an t-iarratasóir gur mhainnigh BCE scrúdú cúramach agus neamhchlaonta a dhéanamh ar na fíorais ar ar bhunaigh sí an cinneadh atá faoi chonspóid agus cuireann sí i gcoinne ábharthacht na bhfíoras sin.

189 Measann an t-iarratasóir gur chuir BCE san áireamh go mícheart an nós imeachta stuamachta a bhaineann le cumas a fir céile a chearta vótála a fheidhmiú sa sprioc, a rinne BaFin in 2019. Dar léi, ba cheart do BCE cruinneas chonclúidí BaFin a fhíorú agus, sa chomhthéacs sin, a chur san áireamh nár ciontaíodh a fear céile tar éis 7 mbliana imscrúdaithe ar amhras imghabhála cánach agus, go háirithe, breithiúnas *Landgericht Bonn* (an Chúirt Réigiúnach, Bonn, an Ghearmáin) an 13 Nollaig 2022 inar thángthas ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise leordhóthanach ann lena suitear gur ghlac sé páirt d'aon ghnó san imghabháil cánach.

190 Tá conclúidí BCE maidir le gníomhaíocht chomhbheartaithe scairshealbhóirí Warburg Gruppe agus comhtháthú na spriocanna i líonra gnóthas bunaithe ar fhaisnéis atá as dáta, cé gur chuir an t-iarratasóir BCE ar an eolas, le linn an nós imeachta riaracháin, nach raibh an fhaisnéis a bhí ar fáil di ábhartha a thuilleadh. Cuireann an t-iarratasóir in iúl freisin go mínítear an fógra comhpháirteach maidir leis an gcumasc beartaithe idir Warburg Gruppe agus an sprioc, dá dtagraítear den chéad uair sa nóta measúnaithe ar leithligh, toisc go ngníomhaíonn scairshealbhóirí Warburg Gruppe de chomhbheart chun críocha an idirbhirt shonraigh sin, ach nach léiríonn siad gníomhaíocht chomhbheartaithe i bprionsabal eatarthu. Cuireann sí in iúl freisin nár cuireadh san áireamh i gcinneadh SREP 2021 na bearta stuamachta a bhí le cur chun feidhme ag an sprioc agus nár glacadh cinneadh SREP 2022 go fóill tráth an chinnidh atá faoi chonspóid.

191 Cuireann BCE i gcoinne líomhaintí an iarratasóra.

